Comhairle Cathrach
Chorcaí
Cork City Council

Beartas Fianán

Baineann an t-ardán comhairliúcháin arb é an “t-ardán” dá dtagraítear anseo é, úsáid as fianáin. Is comhaid bheaga téacs iad fianáin a mbaineann suíomhanna gréasáin leas astu chun taithí úsáideora a éascú.

Luaitear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí go bhféadfaimid fianáin a stóráil ar do ghléas má bhíonn siad bunriachtanach d’fheidhmiú an ardáin. Ní mór dúinn cead a fháil uait maidir le fianáin de chineál ar bith eile.

Má leanann tú ort ag úsáid an tsuímh ghréasáin seo, tugann tú cead dúinn fianáin riachtanacha a stóráil.

Úsáideann an t-ardán seo cineálacha éagsúla fianán atá liostaithe thíos mar aon lena bhfeidhm. Is féidir leat diúltú d’fhianáin nach bhfuil riachtanach d’fheidhmiú an ardáin. Mura mian leat na fianáin riachtanacha a úsáid, beidh ort gan an t-ardán a úsáid.

Is féidir leat roghnú ag am ar bith glacadh le fianáin neamhriachtanacha nó diúltú dóibh ach cliceáil ar na roghanna sna Socruithe Príobháideachais.

Tá tuilleadh eolais fúinn féin, faoin gcaoi ar féidir teagmháil a dhéanamh linn nó faoin gcaoi a bpróiseálaimid sonraí pearsanta le fáil inár mBeartas Príobháideachais.

Na cineálacha fianán a úsáidimid

Tá dhá chineál fianán á n-úsáid ag an ardán: fianáin riachtanacha agus fianáin staitistiúla.

Is fianáin seisiúin iad na fianáin riachtanacha, a chiallaíonn nach maireann siad go seasmhach ar do ríomhaire nó ar do ghléas móibíleach. Baintear leas as fianáin seisiúin chun bunfheidhmeanna suímh ghréasáin a sholáthar agus tú á úsáid. De ghnáth, scriostar fianáin seisiúin nuair a dhúnann tú an brabhsálaí.

Fianáin riachtanacha (5 cinn)

Cuireann fianáin riachtanacha ar chumas an tsuímh ghréasáin bunfheidhmeanna a sholáthar don úsáideor, mar shampla naisc a leanúint nó teacht a fháil ar chodanna slána den suíomh. Ní fheidhmíonn an suíomh gréasáin i gceart gan na fianáin sin.

Ainm	Soláthraí	Cuspóir	Cineál
Fianáin seisiúin dar tús 'SSESS'		Caomhnaíonn siad staid an úsáideora ar fud na leathanach a iarrtar. Ní bhailíonn siad aon fhaisnéis phearsanta.	Fianán HTTP
has_js		Stórálann sé faisnéis faoi cé acu an bhfuil Javascript cumasaithe ar bhrábhsálaí an úsáideora nó nach bhfuil.	Fianán HTTP
cookie-agreed		Coimeádann sé cead an úsáideora maidir le glacadh le fianáin.	Fianán HTTP
JSESSIONID		Bailíonn sé pointí tomhais feidhmíochta a chuidíonn linn monatóireacht feidhmíochta a dhéanamh ar an bhfeidhmchlár. Stórálann an fianán seo uimhir aitheantais seisiúin le haghaidh New Relic a sholáthraíonn seirbhís monatóireachta feidhmíochta.	Fianán HTTP

Cuireann fianáin riachtanacha ar chumas an tsuímh ghréasáin bunfheidhmeanna a sholáthar don úsáideor, mar shampla naisc a leanúint nó teacht a fháil ar chodanna slána den suíomh. Ní fheidhmíonn an suíomh gréasáin i gceart gan na fianáin sin.

Fianáin staitistiúla

Baineann an t-ardán úsáid as an soláthraí seirbhíse tríú páirtí Matomo (Piwik) a chuireann seirbhísí analísíochta ar fáil.

Rianaíonn an tseirbhís staitisticí ar chliceáil ar naisc, cuairteanna ar leathanaigh agus íoslódálacha. Ní bhailíonn sé aon sonraí pearsanta mar ní roinntear seisiún úsáideora nó IP le seirbhísí Matomo (Piwik), ach cuirtear ar fáil iad mar shonraí staitistiúla gan ainm chun cabhrú linn ár bhfeidhmchlár a fheabhsú. Leagtar amach iad seo thíos.

Name	Provider	Purpose	Type
"_pk_id"		Úsáidtear é chun aitheantas uathúil an chuairteora a stóráil, Stampa ama Cruthaithe Fianán, Comhaireamh Cuairte, Stampa Ama na Cuairte Reatha, Stampa Ama na Cuairte Deiridh.	Fianán HTTP
"_pk_ref"		Úsáidte chun an fhaisnéis faoi leithroinnt a stóráil, d'úsáid an tarchuradóir ar dtús cuairt ar an suíomh Gréasáin	Fianán HTTP
"_pk_ses" "_pk_cvar" "_pk__pk_hsrses"		Fianáin ghearrshaolacha a úsáidtear chun sonraí a stóráil go sealadach don chuairt	Fianán HTTP
"_pk_testcookie"		Úsáidtear é chun seiceáil an dtacaíonn brabhsálaí an chuairteora le fianáin	Fianán HTTP

Name	Provider	Purpose	Type
“mtm_consent” “mtm_consent_removed”		Cruthaítear iad chun cuimhneamh gur thug (nó gur baineadh) an toiliú ag an úsáideoir.	Fianán HTTP
“mtm_cookie_consent”		Cruthaítear é chun cuimhneamh gur thug an t-úsáideoir toiliú chun fianáin a stóráil agus a úsáid.	Fianán HTTP

Ní úsáideann an t-ardán seo fianáin le haghaidh margaíochta. Baintear leas as fianáin margaíochta chun cuairteoirí a rianú ó shuíomh gréasáin amháin go suíomh gréasáin eile. Chun tuilleadh eolais a fháil faoinár mbeartas maidir le fianáin, cuir ríomhphost chuig foi@corkcity.ie